C/2026/4442

14.8.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12517 — MUTARES / SYNTHOMER)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4442)

1. An 6 Lúnasa 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Mutares SE & Co. KGaA (in éineacht lena fhochuideachtaí faoi rialú 'Mutares', an Ghearmáin), faoi rialú Mutares Management SE,

— Synthomer a.s. ('Synthomer', Poblacht na Seice), atá faoi rialú Czech s.r.o. agus, ar deireadh, fochuideachta ar lánúinéireacht Synthomer PLC atá liostaithe go poiblí sa Bhreatain.

Gheobhaidh Mutares rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Synthomer ina iomláine.

Is trí bhíthin ceannach scaireanna a dhéanfar an comhchruinniú.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is sealúchas infheistíochta idirnáisiúnta é Mutares a dhíríonn ar chodanna de chorparáidí móra (gearrthacha amach) agus de chuideachtaí meánmhéide i gcásanna idirthréimhseacha a fháil agus tá speisialtóireacht aige in acmhainneacht forbartha sprioc-chuideachtaí a bhíonn suaite de ghnáth, faoi chuimsiú próiseas slánúcháin gníomhach chun iad a threorú chuig conair fáis atá cobhsaí agus brabúsach. Díríonn Mutares ar na hearnálacha eacnamaíocha seo a leanas: Mótarfheithiclí agus Soghluaisteacht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht, Bonneagar agus Tionscal Speisialta, Earraí agus Seirbhísí, agus Ceimiceáin agus Ábhair,

— Is monaróir aigéad aicrileach, monaiméirí aicrileacha, easrán aicrileach agus díorthach gaolmhar é Synthomer, a oibríonn láithreán táirgthe in Sokolov, Poblacht na Seice. Is éard atá ina tháirgí ná amhábhair agus táirgí ceimiceacha idirmheánacha, a sholáthraítear do bhonn custaiméirí idirnáisiúnta éagsúlaithe lena bpróiseáil a thuilleadh ina bhfeidhmeanna úsáide deiridh. Chomh maith le díolacháin tríú páirtí, soláthraíonn an gnólacht táirgí aicrileacha freisin agus soláthraíonn sé seirbhísí monaraíochta dolaí dá mháthairghrúpa reatha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le rialú comhchruinnithe idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12517 — MUTARES / SYNTHOMER

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË